Sgol gan oide an t-ord gaisgidh
[TCD 1381 (H.5.9), 46]
Fergal Óg Mac a Bháird cecinit
[Date 1601 in qt 58]
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Sgol gan oide an t-órd gaisgidh
an rioghraidh o rioMhaisdín
fer a n-ullmaighthi ní fhuil
um tegh ccornghairthi Criomhthain.

2 Mur táid an [táin i?] ccrich Chuinn
[do] bhádar d'éis Chon cCulainn
ursain [troide?] Benn mBoirche
treall gan oide a n-ullmhaighthe.

3 Cú Rí na rúathur mbáoghlach
do bhí an gaisgeadh gérfhaobhrach
ar n-écc flatha Bend mBerbha
treall a ttacha a thigherna.

4 Murchadh mac Bríain bruinne sheng
gaisgeadh Gaoidheal i ngeibhend
do fhágaibh badhbh bionnchúain Breagh
i bhfionnChlúain Tarbh do thuit-sén.

5 Bíaidh do breith cáich leith ar leth
an gaiscceadh céadna i ccuibhreach
i ccrích fhoirfe an fheóir bhratghlain
choidhche i ndeóigh Í Dhochartaigh.

6 Gaiscceadh Gaoideal ghuirt na fFhionn
coll gan chnáoi c(h)airt gan sgríbhinn
no as tréd gan bhuachail(l) 'na bhun
ég Í Thuatail da thurnam (?).

7 Airlegadh nach íocfa féin [45]
ruccadh dhínn día do thoibhéim
gach eineng tíre dar thib (?)
le righe a gherrend gaisccidh.

8 Do nós na tTroighenach thoir
do bhí an Tráoi íar n-ég Eachtoir
mur do bhí i ndán fa dheireadh
clár Dha Thi do thoirbeiredh.

9 Conuill Bhredh mur do bhí an Róimh
d'éis Phoimp fa phendaid ndobróin
gan comairce gan trían thall
do mhían donnaighthi an termann.[a]

10 Ar an ccor-sin do bhí an bioth
ar ndul d'Alasdair úaibhreach
lucht ar n-eoill ní haontaoibh[r] linn
i ndeóigh iompóidh air Éirinn.

11 Mur do bhí t(air)'éis Eogain Móir
an Mhumha a-níar fá néll dobróin[s]
leith Cuinn fa néllturi a-noir
'mun réltuin-si fhuinn Fhiachaidh.

12 Abhla crom(h)a criche Fáil
as dhi tanaic a togbhail
tanaic dhi an cuisne do chur
ní tursi í gan ádphur.
13 Do-bhe[i]r don fhúacht a ernach
oighidh fleisgi fíonTemhrach
an g[h]oil(l) i ngíallghlas do gheabh
fiabhras ar nach bfoil fa[oi](n)semh.
14 Mur do sgáoil egcóir oile [44]
sgotha brúaich na Boroimhe
as toronna thoighe Cuinn
is doire chnodhonna ó cConuill.
15 A bfhaighthi a bhferoinn chairti
a ccuirthi 'sa (n) cclainnmhaicne
7 sealbh gach aoin d'Ultaibh
do sgáoil dearbh Í Dhochartaigh.
16 Banbha do bhe[i]th 'na cotchaiph
tuc teimel Uí Dhochartaigh
críoch linnte air nach luidhiodh troid
gan inte acht fuighiol(l) formoid.
17 Do dhruim formaid amhlaidh so
do sgaradh clár na Crúachno
fonn síothmhalla na slat ccuir
le mac fíochdhana Fiothaigh.
18 Fráoch mileata mac Fiodhaigh
méd a ghnáoi iter (?) Ghaoid[ea]laibh
té[i]ld fon réltain [ó](a)n mBuill mbuig
a crechtghuin don tnúidh tanaic.
19 Ar aonach Caisil cían úadh
mac rí[ogh] Uladh iúl fionnfhúar
nír écht é narbh ega(i)l dún
do legadh é tre iomthnúdh.
20 Cormac Con Loingis laoch Cuilt
Medhbh Chruachain na ccreach n-oirdhircc
mairg fa ráinig rún a fill
ar thnúth tainic a tuitim.
21 [B?]ás Conlaoich na ccleas ngoile [43]
tuc tnúth sgoile Sgathuidhe
an ghein tshochair ó Bhoinn Bhreagh
do-róchar tar dhoigh dhraoithéd[h].
22 Ó thús dhomain ga ttam dho
ar leag an tnúth túar iargnó
ríamh san chruinne ghégthruim ghil
ní fhédfuin[n] uile a n-airemh.
23 Ní sáoghlach (a)ríamh gach ré lán
do bainedh mur so Seaán
deireadh (?) choillghil an chluimh laig(h)
a ttoirnimh don tnúidh tánaic.
24 Do bháith a ghaisccadh gniomh caigh
mur bháithes troimchioth tendáil

nir ghúais da ré acht silleadh súl
do lingedh é tre iomthnúth.
Fáoi do bhídis ag cur cath
mur thamhna re taobh ndarach
do dhiogail (?) síorthnuth shluagh mBreagh
tre fhíochrún f[h]úar a aithbher.
Ar formad Gaodheal sluagh Breagh
nior sháor a cholg no a chaoilshledh
Ó Dochartaigh do dhún bhFloinn
no a rócharcair úr íaroinn.
O Dochartaigh dioghbha sluaigh
nior chaillseat air acht énuair
níor shaor badhbh airmgher Uisnigh
saighnén na n-arm n-echtach-sin.
Nior bheg muna bheith an t-ég [42]
a shledh chorcra 's a chaoilsted
's a bheirt ghlíadh d'imdhidion air
ar fhiadh bhfinnliggeal bhFíachaidh.
Do dheimhnigh airde an fhedha
do dhearbh muir ga[n](ch) maighredha
mo-núar do fhoillsidh an úir
búadh na n-arm-sin ar n-iompuidh.
I n-ionadh na n-arm oile
a-tá an [leg. ar?] fedh fhóid Iugoine
airm thinntighe ag túar gach uilc
deirgthine úadh ar adhairt [leg. -nt?].
Airm fhuigfes an úir gan ioth
ler soillsiodh saighnen nimhneach
bes do nochtadar na neóill
cnes ochtabaidh an aieoir.
Na géill-sin mur ghiallaibh caigh
ag cáoi Seaáin óig d'énláimh
a-táid frasneoill san tír thall
ag sin a nglaisreoidh ngobhang.
Na heignedha is na healta
ag cáoi flatha finnBherta
nellchuisne ar gach qúan do chuir
núall gherthuirsi ag na gáotaibh.
Nír shaoil a chonach catha
nir smúain a reacht riofhlatha
teacht do re caoilleabaidh ccla(i)r
do cháoinedur so Seaán.
Ni híongnadh cách da cháoinedh [41]
fert sebhuic fhóid fhionnGhaoidheal
ni lucht aoinfherta fhuil ann
an fhuil Ghaoidhealta i ngobhang.
Teg(h)ascc siodh chomurle cen
crúas as buga mac Míledh
mac le clár náoinghreanta Neill
mur lán áonleabtha íad-séin.

37 Ni he fein dóibh is doilghe
do-chúaidh crioch a chomhairle
le láimh [deirg] mbráoininnsi mBreagh
na Gaoidhil-si ó leirg Lighen.
38 Each uaibhreach i n-esbaidh sr(a)éin
no as táin gan ionramh íad-sein
da damhna i ndeoir gach Ultaigh
tarla i ndeoigh Uí Dhochartaigh.
39 Fa bhrat qumhadh cían ó shoin
do bhi treall mur táid Ulltaigh
tre Sherlas na ttachar tte
achadh ferghlas na Fraingce.
40 Serlas morfhlaith na bhFrangcach
airsidh doiligh dioghaltach
tuc ri ghairm gach fine fáoi
righe re a ainm ni fhedfáoi.
41 Cinn [leg. Cing?] Serlas fa saidhbhre i ngairt
fa dheóigh tar chend a qhumacht
do bheru [leg. dhearbh?] an t-ég a anáir
derbh nar fhéd a ionghgabháil.
42 Na hEsbainnidh anba an rath [40]
cinnid air an ccath fFhrangcach
déd tirmceart far gherlas goil
Serlas ar n-imtheacht úathaibh.
43 A sén catha ar ccúl do-chóidh
do líonadh re dhoidh ndobróin
an Fhraingc fhlesgfháinneach donn tte
tre throm Espainneach uirrthe.
44 “Os ar thSerlas do bhí ar mbúaidh
curem” ar droing da dheghshlúagh
“roinn a ghealchnámha a ccend chath(a)
an seang creachmhalla créchtach.”
45 Cinnid Frangcaigh fíor a ndáil
taisi a ttriatha do thógbháil
is cath do chur as a n-ucht
nior rath nar ghabh a ngríosacht.
46 Do churseat a ccomhruidh óir
taisi an airdri[ogh] tre anóir
bristior leo air a lucht cogaidh
gleó as a n-ucht do fhogradu[i]r.
47 Na hEaspainnidh tair a n-ais
ga du acht fillid slúagh Sérlais
curid i ngnáth orrtha a-rís
na comhtha ar chách do churdís.
48 Taisi Sheaáin tarla thall
Easpainnidh an fhían eachtrann
geuga c[a]oimhmhillsi ó qhúan Rois
na Gaoidhil-si shlúagh Sérlais.
49 Re taisi Seaain mur soin [39]
is gluaiste don fhoir Ulltoigh

do bhúain fhoghloighedh tar ais
ó ghormoirer bruaith Bernais.
50 Do curedh re sén ngníomh[as]
deich ccatha um chorp an airdrigh
mac Fiachrach ler foibhreadh sledh
fa ttoirneadh giallchath Gaoidheal.
51 Tuc a muinter meaphair linn
corp Dha Thi go híath Eirenn
ó Shlíaph ciochdhonn úr Ealpa
na mú(i)r síothchorr suaithenta.
52 Corp Se[a]áin óig do bhreith búaidh
dob ioniomchuir é an athúair
fan tí do iomchradar ann
do bhí fionnphobal(l) Fremhann.
53 Néll Se[a]áin óig re hucht ccath
da ffhaicdís an fhian Ulltach
do budh leó an tsealbh dh'uaim ar-ís
derbh nach gan búaidh do bhedhdis.
54 Féchain andalaigh (?) an fhir
no smúainedh air tre fhísibh
féirrde síol airmgher na nArt
no a mairbhnell far-[í](a)or d'amharc.
55 Ar eascair dibh re hucht ngleóidh [38]
beith ag maoidhemh [m]airbhneoill
túar aithceime d'f[h]uil na nArt
tuir dar chaithcheile an chrodhacht.
56 Ursa cothaidh chriche Breagh
deireadh cogaidh mac Míleadh
tús luidhe finnshleachta Floinn
tinnghealta chloinne Conaill.
57 Bile cogaidh mac Míleadh
bárr cumhra chóig ríghthíredh
trénursa gach gleóidh trer gheabh
gérosna 'na dheoigh dáilter.
58 Sé céad [déag] bliadha(i)n beacht liom
blíadhain oile d'iúl sgríbhinn
ó ghein Dé [go] dola uí Chuinn
gan rogha mur é aguinn. [date 1601]
59 Ri(gh) Oiligh na n-eathar nocht
mac Seaáin úa Con Chonnacht
ar camhair do sgáoileadh sgor
rádhaigh dhraeithedh is dámsgol. Sgol...
Seaán Ó Raghallaigh